Mar a Thoghtar an Seanad
(Teach Uachtarach na Parliaminte)

AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL
DEPARTMENT OF THE ENVIRONMENT, HERITAGE AND LOCAL GOVERNMENT

DLÍ TOGHCHÁIN AN TSEANAID

CORR-THOGHCHÁIN ▸ COMHALTAÍ OLLSCOILE ▸ THE COUNT ▸ SÍNTIÚIS A NOCHTADH

STRUCHTÚR AN TSEANAID ▸ CÉ A FHÉADFAIDH A BHEITH INA SHEANADÓIR? ▸ AN MODH TOGHCHÁIN

AINMNIÚCHÁN IARRTHÓIRÍ ▸ CÉ A FHÉADFAIDH VÓTÁIL? ▸ AN VÓTAÍOCHT

Mar a Thoghtar an Seanad (Teach Uachtaracht na Parliaminte)

1 RÉAMHRÁ

Tá an nóta seo beartaithe mar threoir phraiticiúil. Ní léirmhíniú dlíthiúil é ar dhlí toghcháin an tSeanaid. Do thuilleadh eolais ba chóir duit féachaint ar an dlí a bhaineann le toghcháin an tSeanaid (féach **16** thíos).

2 STRUCHTÚR AN TSEANAID

Tá an Seanad comhdhéanta de 60 comhalta. Ainmníonn an Taoiseach (Príomh-Aire) aon chomhalta déag, toghann céimithe ollscoile 6 chomhalta agus toghtar 43 ó rollaí iarrthóirí atá ionadaíoch ar leasanna gairme sonraithe.

3 CÉ A FHÉADFAIDH A BHEITH INA SHEANADÓIR?

Tá gach saoránach d'Éirinn os cionn 21 bliana d'aois agus nach bhfuil dícháilithe ag an mBunreacht nó le dlí incháilithe lena thoghadh nó lena toghadh chuig an Seanad. Tagraítear do chomhalta den Seanad mar Seanadóir nó Senator. Tá daoine a bhfuil pianbhreith príosúnachta níos mó ná sé mhí á gcur isteach acu, féimhigh neamhurscaoilte agus daoine mímheabhracha dícháilithe do thoghadh. Tá slite beatha áirithe atá neamh-chomhoiriúnach le comhaltas den Seanad, mar shampla, comhaltaí den bhreithiúnacht, oifigigh shinsearacha institiúidí an Aontais Eorpaigh, státseirbhísigh, comhaltaí lánaimsire de na Fórsaí Cosanta agus Gardaí (póilíní).

4 TRÁTH TOGHCHÁIN

Caithfidh olltoghchán chuig an Seanad a bheith ann ag tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis an Dáil (An Teach Íochtarach) a lánscor. Bíonn dátaí na gcéimeanna éagsúla den toghchán (ainmniúchán, vótaíocht, etc) ceaptha le hordú ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

5 AN MODH TOGHCHÁIN

Tionólfar na toghcháin de réir na hionadaíochta cionmhaire agus ar mhodh an aonghutha inaistrithe agus le rúnbhallóid poist.

6 ROLLA-CHOMHALTAÍ TOGHADH NA 43 ROLLA-CHOMHALTA

Roimh gach Olltoghchán cruthaítear cúig rolla d'iarrthóirí a bhfuil eolas agus taithí phraiticiúil acu sna leasanna agus seirbhísí seo a leanas faoi seach:-

(i) An Rolla Saíochta agus Oideachais: -
an teanga agus an tsaíocht náisiúnta, litríocht, ealaín, oideachas, dlí agus liacht;

(ii) An Rolla Talmhaíochta: -
talmhaíocht agus gnóthaí a bhaineann léi agus iascaireacht;

(iii) An Rolla Oibreachais: -
oibreachas, cibé comheagraithe nó nach ea;

(iv) An Rolla Tionscail agus Tráchtála: -
tionscal agus tráchtáil, ar a n-áirítear baincéireacht, airgeadas, cuntasaíocht, innealtóireacht agus ailtireacht;

(v) An Rolla Riaracháin: -
riarachán poiblí agus seirbhísí comhdhaonnacha, lena n-áirítear obair chomhdhaonnach dheonach.

7 AN CLÁR CHOMHLACHTAÍ AINMNIÚCHÁIN

Coinníonn ceann comhairimh an tSeanaid (Cléireach an tSeanaid) clár de chomhlachtaí atá i dteideal iarrthóirí a ainmniú ar na rollaí iarrthóirí. Le bheith incháilithe do chlárú mar chomhlacht ainmniúcháin, caithfidh baint a bheith ag an eagraíocht go príomha le gnóthaí agus seirbhísí cheann nó eile de na rollaí, agus a bheith ionadaíoch orthu. Ní fhéadfaidh comhlacht a bheith cláraithe i ndáil le níos mó ná painéal amháin.

Níl eagraíochtaí atá ina ngnóthais déanta brabúis go príomha incháilithe do chlárú. Déantar an clár a athbhreithniú go bliantúil.

8 AINMNIÚCHÁN IARRTHÓIRÍ

Tá dhá fho-rolla ann do gach rolla: an fo-rolla do Chomhlachtaí Ainmniúcháin agus an fo-rolla don Oireachtas. Féadfaidh gach comhlacht ainmniúcháin cláraithe i ndáil le rolla líon socraithe iarrthóirí a ainmniú don rolla sin. Comhdhéanann na hiarrthóirí sin fo-rolla na rollaí difriúla do chomhlachtaí ainmniúcháin. Féadfaidh aon cheithre chomhalta de Dháil nua-thofa nó de Sheanad atá i ndeireadh a thréimhse iarrthóir amháin a ainmniú d'aon rolla ach ní fhéadfaidh gach comhalta a bheith páirteach ach in aon ainmniúchán amháin. Is iad na hiarrthóirí sin an fo-rolla don Oireachtas (Parlaimint). Caithfear íoslíon sonraithe de chomhaltaí a thoghadh do gach fo-rolla.

9 AN LÍON COMHALTAÍ TOFA

Seo a leanas an líon comhaltaí atá le toghadh ó gach rolla agus an t-íoslíon a chaithfear a thoghadh as gach fo-rolla:-

Painéal	An Líon Comhaltaí	An t-íoslíon atá le toghadh ó gach fo-rolla
Saíocht agus Oideachas	5	2
Talmhaíocht	11	4
Oibreachas	11	4
Tionscal agus Tráchtáil	9	3
Riarachán	7	3
Iomlán	**43**	

CÉ A FHÉADFAIDH VÓTÁIL?

Féadfaidh na doine seo a leanas vótáil ag olltoghchán de rolla-chomhaltaí:

- Comhaltaí den Dáil atá ag teacht isteach,
- Comhaltaí den Seanad atá ag dul amach,
- Comhaltaí de chomhairlí contae agus de chomhairlí cathrach.

Ní bhíonn ach aon vóta amháin ag gach toghthóir i ndáil le gach rolla fiú má bhíonn sé nó sí cáilithe i níos mó ná gné amháin. Is thart ar 1,000 atá sa líon toghthóirí.

AN VÓTAÍOCHT

Eisíonn an ceann comhairimh liosta de na hiarrthóirí atá ainmnithe do gach rolla, a léiríonn na comhlachtaí nó daoine a rinne na hainmniúcháin, do gach vótálaí. Ar an lá a bheidh ceaptha le hordú ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, seolfaidh an ceann comhairimh, leis an bpost cláraithe, cúig pháipéar ballóide (ceann do gach painéal) ag taispeáint ainmneacha na n-iarrthóirí in ord aibítre, a seoltaí agus a dtuairiscí, grianghraif, más ann agus an fo-rolla dá bhfuil siad ainmnithe, chuig gach vótálaí. Ní bhíonn cleamhnacht pholaitíochta, más ann, na n-iarrthóirí taispeánta ar na páipéir bhallóide. Marcálann an vótálaí, tar éis dearbhú céannachta a chomhlánú i láthair duine údaraithe, ord a rogha iarrthóirí ar gach páipéar agus cuireann na páipéir bhallóide ar ais leis an bpost cláraithe chuig an gceann comhairimh.

AN COMHAIREAMH

Bíonn comhaireamh ar leithligh ann do gach rolla. Déantar na páipéir bhallóide a shórtáil de réir na chéad rogha a bhíonn taispeánta orthu. Chun comhaireamh a éascú tugtar luach de 1,000 do gach vóta. Déantar luach cuí a vótaí chéad rogha a chreidiúnú do gach iarrthóir. Is é an cuóta an líon íosta vótaí a bheidh riachtanach chun

toghadh iarrthóra a ráthú. Fionntar é trí luach iomlán na vótaí bailí a roinnt ar uimhir a mbeidh a haon de bhreis aici ar an líon suíochán atá le líonadh agus a haon a chur leis an toradh. Más rud é, mar shampla, gur 900,000 líon iomlán na vótaí a chaitear i ndáil le painéal agus go mbíonn 5 shuíochán le líonadh, is 150,001 a bheidh sa chuóta, eadhon

$$\frac{0.9m}{6} + 1$$

Feicfear, sa sampla seo, gur cúig iarrthóir amháin (an líon atá le toghadh) a d'fhéadfadh an cuóta a bhaint amach.

Má bhíonn luach vótaí iarrthóra comhionann leis an gcuóta, nó níos mó ná an cuóta, meastar tofa é nó í mura ndán is go ndéanfadh a dtoghadh dodhéanta é an t-íoslíon comhaltaí ó gach fo-rolla a thoghadh (féach **9** thuas). Má fhaigheann iarrthóir níos mó ná cuóta, déantar an barrachas a dháileadh ar na hiarrthóirí a bheidh fágtha de réir na chéad rogha éifeachtaí eile a bhíonn taispeánta ar na páipéir bhallóide. I gcás go mbíonn an líon uasta iarrthóirí tofa d'fho-rolla, déanfar luachanna vótaí na n-iarrthóirí a bhíonn fágtha ar an bhfo-rolla sin a dháileadh de réir na chéad rogha éifeachtaí eile a bhíonn taispeánta ar na páipéir a bhíonn i gceist. Mura mbíonn barrachas ag aon iarrthóir, déanfar an t-iarrthóir is ísle a eisiamh agus déanfar a vótaí a dháileadh ag an luach a bhfuair sé nó sí iad. Ní féidir iarrthóir a eisiamh, áfach, más rud é go ndéanfadh a eisiamh dodhéanta é an t-íoslíon comhaltaí ó gach fo-rolla a thoghadh.

13 CORR-THOGHCHÁIN

I gcás go dtarlaíonn corr-fholúntas sa Seanad trí éag, teacht faoi dhícháilíocht nó éirí as oifig do rolla-chomhalta, líontar an folúntas le corrthoghchán. Féadfaidh naonúr comhaltaí den Oireachtas iarrthóir a ainmniú i ndáil le folúntas fo-rolla don Oireachtas; féadfaidh comhlacht ainmniúcháin don rolla iomchuí iarrthóir a ainmniú d'fholúntas i bhfo-rolla do chomhlachtaí ainmniúcháin. Bíonn na toghthóirí ag corrthoghchán comhdhéanta de chomhaltaí na Dála agus an tSeanaid, 226 ar an iomlán. Déantar an vótáil trí rúnbhallóid phoist. Bíonn an nós imeachta comhairimh mar a chéile leis an nós imeachta ag Olltoghchán don Seanad ach d'uireasa an mhodhnaithe is gá lena chinntiú go mbíonn an t-íoslíon tofa ó gach fo-rolla.

14 COMHALTAÍ OLLSCOILETOGHADH NA 6 CHOMHALTA OLLSCOILE

Toghlaigh

Is iad na toghlaigh do chomhaltaí ollscoile a thoghadh chun an tSeanaid ná Ollscoil na hÉireann agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide). Toghann siad araon 3 chomhalta. Níl ionadaíocht ag ollscoileanna eile agus ag forais ardoideachais eile sa Seanad faoi láthair.

Cé a Fhéadfaidh Vótáil?

Tá gach saoránach d'Éirinn atá 18 mbliana d'aois ar a laghad agus a fuair céim, seachas

céim oinigh, ón ollscoil lena mbaineann i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir. Is thart ar 102,000 líon toghthóirí Ollscoil na hÉireann agus is thart ar 39,000 líon toghthóirí Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Is í an ollscoil lena mbaineann a chothabhálann an liosta toghthóirí agus a thugann cothrom le dáta é.

Ainmniúchán Iarrthóirí

Caithfidh iarrthóirí a bheith ainmnithe ag dhá thoghthóir cláraithe don ollscoil. Caithfidh ocht dtoghthóir cláraithe eile don ollscoil aontú leis an ainmniúchán. Níl aon cheanglas go mbeadh an t-iarrthóir ina chéimí nó ina céimí den ollscoil lena mbaineann ná go mbeadh baint aige nó aici léi ar aon bhealach.

Postas in Aisce d'Iarrthóirí

Tá gach iarrthóir i dtoghchán ollscoile don Seanad i dteideal litir thoghcháin amháin a sheoladh, saor ó mhuirear poist, chuig gach toghthóir sa toghlach. Is é an Státchiste a chlúdóidh costas na saoráide sin.

Olltoghchán

Laistigh de 7 lá ó lánscor na Dála bíonn ar an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil na dátaí iomchuí a cheapadh chun olltoghchán chomhaltaí ollscoile chun an tSeanaid a stiúradh. Is ceann comhairimh ar oifigeach den ollscoil lena mbaineann é nó í a dhéanfaidh an toghchán a stiúradh. Is leis an bpost a dhéanfar an vótáil agus tionólfar an toghchán de réir phrionsabail na hionadaíochta cionmhaire, agus aonghuth inaistrithe a bheith ag gach toghthóir. Nuair a bheidh páipéir bhallóide á n-eisiúint, eiseoidh an ceann comhairimh foirm dhearbhú céannachta freisin a chaithfidh an toghthóir a chomhlánú i láthair finné agus a chur ar ais leis an bpáipéar ballóide. Déanfar an comhaireamh a stiúradh ar an tslí chéanna le comhaireamh ag toghchán comhaltaí chuig an Dáil.

Corr-Thoghcháin

I gcás go dtarlaíonn corr-fholúntas trí éag, teacht faoi dhícháilíocht nó éirí as oifig do chomhalta ollscoile, líonfar an folúntas le corrthoghchán. Bíonn an nós imeachta ag corrthoghchán mar a chéile le holltoghchán comhaltaí ollscoile.

15 SÍNTIÚIS A NOCHTADH

Tá glacadh le síntiúis chun críocha polaitíochta rialaithe le dlí. Ní fhéadfaidh ionadaithe poiblí agus iarrthóirí ar thoghadh síntiús is mó ná €2,539.48 a ghlacadh ó dhuine i mbliain ar leith. I gcás páirtí polaitíochta nó grúpa feachtais, ní fhéadfaidh an síntiús uasta a ghlactar a bheith níos mó ná €6,348.69. Tá cosc ar shíntiúis a ghlacadh ó dhuine nach saoránach d'Éirinn é nó í agus a bhfuil cónaí air nó uirthi thar lear. Bíonn ar iarrthóir ag toghchán Seanaid nach n-éiríonn leis nó léi, ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Oifigí Poiblí, laistigh de 56 lá ó chríochnú na vótaíochta ag an toghchán, ag léiriú an bhfuair siad aon shíntiúis ba mhó ná €634.87 don toghchán agus sonraí a thabhairt d'aon shíntiúis den sórt sin agus de na daoine a rinne iad. Bíonn ar gach

comhalta den Seanad ráiteas síntiúis comhchosúil a thabhairt don Choimisiún um Oifigí Poiblí, faoin 31ú Eanáir gach bliain, i ndáil leis an mbliain fhéilire roimhe sin.

Chomh maith leis sin, bíonn ar gach páirtí polaitíochta ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Oifigí Poiblí, faoin 31ú Márta gach bliain, ag léiriú an bhfuair siad aon shíntiúis ba mhó ná €5,078.95 agus ag tabhairt sonraí aon síntiús den sórt sin agus sonraí na ndaoine a rinne iad.

DLÍ TOGHCHÁIN AN TSEANAID

Tá an dlí a bhaineann le comhaltaí a toghadh chun an tSeanaid go príomha in:

- Airteagail 18 agus 19 de Bhunreacht na hÉireann
- Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí) 1947
- Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí) 1954
- Acht Toghcháin an tSeanaid (Comhaltaí Ollscoile) 1937,
- Acht Toghcháin 1997
- Acht Toghcháin (Leasú) 1998.

Tá na foilseacháin sin ar fáil ón Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

OTHER LEAFLETS

Other leaflets available in this series are as follows:

How the President is Elected

The Referendum in Ireland

How the Dáil (Lower House of Parliament) is Elected

European Parliament: How Ireland's Representatives are Elected

How Members of Local Authorities are Elected

The Register of Electors

Information for Voters with Disabilities

Department of the Environment, Heritage and Local Government
September 2006.

AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL
DEPARTMENT OF THE ENVIRONMENT, HERITAGE AND LOCAL GOVERNMENT